# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

**STAIR - ARDLEIBHÉAL**

**NÓS IMEACHTA NA MARCÁLA**

1. Is é atá i gceist i nós imeachta na marcála:

   Na freagraí go léir a léamh agus anailís a dhéanamh orthu.
   Marcanna a bhronnadh ar na comhpháirteanna éagsúla de réir na scéime aontaithe.
   Na marcanna a shuimiú go cúramach agus aird á tabhairt orthu seo:

   (i) an t-uasmharc in aghaidh gach roinne;
   (ii) an t-uasmharc in aghaidh gach ceiste.

2. **Na Comhpháirteanna**

   Fíricí

   (i) Sonraí atá i bhfoirm pictiúr a aithint;
   (ii) Fíricí a lua.

   Ráiteas Suntasach Ábhartha (RSÁ)

   (i) Fíric, gné nó céim thábhachtach den topaic;
   (ii) Téarma nó coincheap a bhaineann le hábhar sa topaic a mhíniú;
   (iii) Tuiscint, tagairt, tuairim nó breithiúnas bailí a bhaineann le hábhar sa topaic;
   (iv) A dó nó a trí d'fhíricí a bheith á lua go faichilleach, etc;
   (v) Cúis / toradh atá tábhachtach;
   (vi) Léarscáil / léaráid atá oiriúnach agus a bhaineann le hábhar (b'fhéidir go dtuillfeadh léarscáil nó léaráid níos mó ná RSÁ amháin);
   (vii) Réamhrá a bhfuil ábhar bailí ann.

3. **An Mharcáil**

   (a) Faigheann freagraí:
   (i) Marc Carnach (CM);
   (ii) Ollmharc (OM).

(b) **An Marc Carnach** (CM)
Tosaigh i dtús an fhreagra agus cuir tic soiléir mar seo (✓) le gach fíric nó RSÁ. Bronn an marc nó na marcanna a aontaíodh sa scéim mharcála as gach aon fhíric nó RSÁ.

(c) **An tOllmharc** (OM)
Agus breithiúnas á thabhairt ar an OM ní mór don scrúdaitheoir caighdeán an fhreagra a chur sa mheá i gcomhthéacs na ceiste a cuireadh.

<u>Ní mór an marc iomlán a bronnadh don CM agus don OM a thaispeáint ar leithligh, e.g. 5 + 2 = <7</u>

(d) Suimigh mar seo na marcanna do gach aon chuid den cheist san imeall ar dheis: taispeáin ceithre mharc mar <**4.** Ar aghaidh leat ansin agus marcáil an fuílleach. Cuir móriomlán na ceiste, mar shampla (30), san imeall clé in aice le huimhir na ceiste.

(e) Léigh na freagraí go léir, fiú amháin na freagraí breise nó na freagraí a athscríobhadh nó a cuireadh ar ceal. Glactar leis an bhfreagra is airde marcanna fad is atá an freagra sin laistigh de rúibricí an scrúdpháipéir.

**NB: Ciallaíonn ‘etc.’ sa Scéim Mharcála go bhféadfadh freagraí eile a bheith inghlactha; sna cásanna eile, is é an freagra a thugtar sa Scéim Mharcála nó a leithéid chéanna i bhfocail eile, agus é sin amháin, a thuilleann na marcanna.**

**AN TEASTAS SÓISEARACH - STAIR**
**An tArdleibhéal, 2015: Scéim Mharcála**

1. **PICTIÚIR** (15 mharc)

(a) Pictiúr A: ***Ardchros***

(i) Ardchros / cros ard / cros Cheilteach 1M

(ii) Cuireadh díon suas lasnairde (chun é a chosaint ar an aimsir)/ Leagadh é i leaba choincréite (ionas nach dtitfeadh sé)/ Glanadh é
Píosa **AMHÁIN** fianaise 2M

(iii) Mar shiombail Chríostaí/ Mar shiombail ar an mainistir/ Baint aici leis an adhradh/ Mar áis teagaisc/ Mar chomhartha marcála adhlactha, etc.
Aidhm bhailí **AMHÁIN** ar bith 2M

(b) Pictiúr B: ***An Phlá Mhór***

(i) Tá daoine ag cúbadh siar (ó dhuine atá ag titim mar gur bhuail an phlá é) / tá fear amháin ag coimeád cailín siar (ón bhfear a thit)/ Tá fear amháin ag clúdach a bhéil agus a shróine. 1M

(ii) Róphlódú/ Dálaí míshláintíocha (draein oscailte ar an tsráid nó bruscar á chaitheamh amach an fhuinneog)/ Ní raibh aon tuiscint ann ar thógáil galar (dreancaidí ar fhrancaigh dhubha)
**DHÁ** chúis bhailí 1 + 1 = 2M

(iii) An tine a chlúdach nó a mhúchadh san oíche (ar chúiseanna sábháilteachta). 2M

(c) Pictiúr C: ***Máire Mhic Róibín***

(i) Bhí sí ar an gcéad bhean (a toghadh chun na hoifige sin). 1M

(ii) Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. 2M
[Tagairt ar bith do "ambasadóir" nó "ionadaí" de chuid na Náisiún Aontaithe ina haonar = 1M]

(iii) Pá comhionann ar obair chomhionann/ Comhdheiseanna i gcúrsaí fostaíochta agus in ardú céime/ Méadú ar líon na mban i bpoist shinsearacha sa saol gnó agus i ngairmeacha beatha/ Baineadh an cosc ar mhná a bpost a choinneáil tar éis pósadh/ Comhdheiseanna oideachais/ An ceart chun vótáil etc.
**DHÁ** athrú bhailí 1 + 1 =2M

2. **DOICIMÉID** (15 mharc)

(a) ***Stailín.***

(i) Ionsaí míleata na Gearmáine (atá ag leanúint ar aghaidh)/ Tá seilbh glactha ag an nGearmáin ar chuid de chríocha na Rúise 1M

(ii) Bhí na trúpaí Gearmánacha slógtha ag an teorainn cheana féin/ Ní raibh am ag na trúpaí Sóivéadacha slógadh chun an teorainn a chosaint. 1M

(iii) Síocháin a mhair bliain go leith (1M) agus an deis lena chuid fórsaí cosanta a ullmhú (1M). 2M

(iv) Ní mór don Rúis díriú ar an gcogadh láithreach/ Ní mór don Rúis díriú go príomha ar an gcogadh a bhuachan nó ar an namhaid a scriosadh/ Ní mór aonaid treallchogaíochta a bhunú (chun bonneagar a scriosadh).
**DHÁ** bheart bhailí 1 + 1 =2M

(v) Buntáiste bailí **AMHÁIN**, e.g. Is féidir mothúchán a chur in iúl go soiléir/ Léargas ar am nó ar imeacht ar leith/ Foinse phríomha/ Is féidir áitiú ar dhaoine nó iad a spreagadh/ Staidéar ar an saol polaitiúil, etc.
Míbhuntáiste bailí **AMHÁIN**, e.g. Áibhéil d'aon ghnó ar ról an duine in imeacht/ Claontacht/ Úsáidtear iad le haghaidh bolscaireachta/ Faisnéis mhíchruinn, etc. 1 + 1 = 2M

(b) ***Emmet Dalton.***

(i) Thug sé (Devlin) leis é (Dalton) chuig an bhfear a bhí i mbun earcaíochta (McCarton Filgate). 1M

(ii) Dara Leifteanant (i 7ú Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath). 1M

(iii) Ba thír bheag í an Bheilg (fearacht na hÉireann) a d'fhulaing go huafásach (an t-ionradh a rinne an Ghearmáin uirthi). 1M

(iv) "Níor aontaigh" = 1M; Píosa **AMHÁIN** fianaise = 1M
**"D'aontaigh" = 0M, fiú más ceart atá an fhianaise. Fianaise ina haonar = 1M**
Dúirt sé lena mhac imeacht (ón teach)/ Dúirt sé nach mbeadh "aon diabhal de chóta dearg" ag teacht isteach ina theach/ Bhí sé ar son na hÉireann chomh maith le bheith in aghaidh na Breataine/ Níor inis Emmet dá athair cad a bhí déanta aige (mar go raibh a fhios aige nach dtaitneodh sé leis).
**DHÁ** ghné ['Níor aontaigh' agus píosa fianaise] 1 + 1 = 2M

(v) Chun troid ar son saoirse tíortha beaga/ Mheas Réamann gur "cúis chóir" a bhí sa chogadh/ Chun a staid a neartú agus é i mbun idirbheartaíochta an athuair tar éis an chogaidh/ Mar bhuíochas as Bille an Rialtais Dúchais a rith i mí Mheán Fómhair 1914/ Chun rath na hiarrachta cogaidh a chinntiú
Fáth **amháin** 2M

3. **CEISTEANNA GEARRFHREAGRA** (20 marc)
Bronn marcanna as na **deich** bhfreagra is fearr thíos. Is fiú 2 mharc an ceann na ceisteanna, ar a mhéad.

(i) Míniú: Fianaise ó dháta ní ba mhoille/ Faisnéis thánaisteach = 1M
Sampla: Leabhar staire/ Téacsleabhar scoile/ Beathaisnéis, etc. = 1M
**DHÁ** ghné [Míniú & Sampla] 1 + 1 = 2M

(ii) Ní mór sibhialtacht a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharcanna as í a ainmniú.
Áirítear le sibhialtachtaí ársa an Éigipt, an Ghréig, an Róimh, na hAstacaigh agus na hIncigh.
**DHÁ** fhíric bhailí faoi thithíocht ón tsibhialtacht **ainmnithe** 1 + 1 = 2M

(iii) Copar/ Stán/ Ór/ Airgead 1 + 1 = 2M

(iv) Cosán clúdaithe (iata) (timpeall an gharraí lárnaigh) 2M

(v) Bonnchló cearnógach/ Aghaidh shiméadrach/ Áirsí cruinne/ Cruinneacháin (cúpóla)/ Colúin Rómhánacha (Colúin fhada chaola)/ Póirseáidí, etc.
**DHÁ** ghné bhailí ar bith d'ailtireacht na hAthbheochana/an Renaissance 2M

(vi) Neamhláithreachas/ Iolrachas/ Finíochas/ Síomóntacht/ Díol loghanna/ Easpa smachta nó aineolas i measc na cléire, etc. **["Loghanna" = 0M]**
**DHÁ** chúis bhailí 1 + 1 = 2M

(vii) Ghair sí Comhairle Trento/ Cliarscoileanna/ Oird rialta nua/ D'úsáid sí an Chúistiúnacht in aghaidh na bProtastúnach/ Shoiléirigh sí teagasc Caitliceach/ Chuaigh sí i ngleic le míchleachtais (mí-úsáid) san Eaglais/ Chuir sí misinéirí chuig limistéir Phrotastúnacha/ Bhunaigh sí scoileanna chun oideachas a chur ar an aos óg/ An tInnéacs Caitliceach etc.
**DHÁ** bhealach bhailí 1 + 1 = 2M

(viii) Bhí sé ní b'fhusa galar a shrianadh i measc ainmhithe/ Bhíothas in ann turgnaimh a dhéanamh chun cáilíocht na mbarr agus na n-ainmhithe a fheabhsú / Díbríodh oibrithe bochta den talamh, etc.
***Is féidir glacadh le torthaí dearfacha agus le torthaí diúltacha.***
**DHÁ** thoradh bhailí 1 + 1 = 2M

(ix) Dlíthe chun coinníollacha fostaíochta a rialáil sa tionsclaíocht 2M

(x) D'iompórtáil sé arbhar Indiach ó na Stáit Aontaithe (Ruibhchloch Peel)/ Oibreacha poiblí/ Aisghairm Dhlíthe an Arbhair/ Faoiseamh díreach trí thithe anraith/ Mhéadaigh sé acmhainn thithe na mbocht/
("bunú thithe na mbocht" = 0M)
Gníomh bailí **AMHÁIN** 2M

(xi) Fuair thart ar aon mhilliún duine bás/ Eisimirce/ Meath na Gaeilge/ Méadú ar mhéid na bhfeirmeacha/ Pósadh daoine ní ba dhéanaí sa saol/ Lean an daonra ar aghaidh ag laghdú/ Deireadh le cionroinnt talún (foroinnt)/ Aistriú ón gcuraíocht go féarach/ Briseadh roinnt tiarnaí talún ina ngnó/ Seirbhe faoi na Briotanaigh, etc.
**DHÁ** thoradh bhailí 2M

(xii) Sinn Féin 2M

(xiii) Ard-Oifig an Phoist/ na Ceithre Chúirt/ Monarcha Jacob/ Muilte Uí Bheoláin/ Teach Bocht Aontas Dheisceart Bhaile Átha Cliath / Coláiste Ríoga na Máinlianna / Instiitiúid an Déirceachais/ Drioglann Jameson/ Stáisiún Ré an Iarthair/ Ospidéal San Séamas/ Drioglann Roe/ Bácús Shráid Bhaile Átha Fhirdhia/ Halla na Cathrach
**DHÁ** fhoirgneamh ar bith 1 + 1 = 2M

(xiv) D'íoc Éire £10m chun na hanáidí feirme a chealú/ Thug an Ríocht Aontaithe na Calafoirt Chonartha ar ais go hÉirinn/ Raon de bhearta saorthrádála chun deireadh a chur leis an gcogadh eacnamaíochta
[Cuireadh deireadh le hanáidí feirme/ Stadadh d'anáidí feirme a íoc = 0M]
**DHÁ** théarma ar bith. 1 + 1 = 2M

(xv) Chun dul i mbun feachtais ar son comhionannais do Chaitlicigh ó thaobh fostaíochta, tithíochta, cearta vótála, etc., de. "Chun deireadh a chur le leithcheal ar Chaitlicigh" = 1M
["Cearta sibhialta" amháin = 0M] 2M

(xvi) *An Mháirseáil ar an Róimh:* Cleas bolscaireachta ag na Faisistithe/ Mussolini a theacht chun cumhachta san Iodáil. ("Máirseáil Mussolini ar an Róimh" **gan mhionléiriú** = 0M)
*Conradh na Lataráine:* comhaontú idir é (Mussolini) agus an Pápa/ Chruthaigh sé Stát Neamhspleách na Vatacáine.
*Feachtas na hAibisíne:* Chun Impireacht Iodálach a bhunú san Afraic Thoir/ Ba é ab aidhm dó a thaispeáint don domhan cé chomh cumhachtach a bhí an Iodáil.
"Ionradh míleata déanta nó seilbh glactha ag an Iodáil ar an Aibisín (an Aetóip)" = 1M
Téarma **AMHÁIN** ar bith mínithe 2M

(xvii) An tAcht Údaraithe/ Bolscaireacht éifeachtach/ Oíche na Sceana Fada/ Úsáideadh imeaglú/ Cuireadh cosc ar gach páirtí polaitíochta seachas Páirtí na Naitsithe (Páirtí Sóisialach Náisiúnta Lucht Oibre na Gearmáine)/ Cinsireacht na meán/ Bunaíodh an Gestapo chun daoine a bhí ina n-éadan a ghabháil/ Bunaíodh sluachampaí géibhinn chun déileáil le daoine a bhí ina n-éadan/ Gluaiseacht Ógra Hitler chun an t-aos óg a shíolteagasc (Ní bhaineann imeachtaí roimh 1933 agus an frith-Sheimíteachas le hábhar)
**DHÁ** ghníomh bhailí 1 + 1 = 2M

(xviii) Dlíthe ciníocha frith-Ghiúdacha/ Coisceadh pósadh idir Gearmánaigh agus Giúdaigh/ Baineadh a saoránacht Ghearmánach de Ghiúdaigh/ Cuireadh iallach ar Ghiúdaigh Réalta Dháiví a chaitheamh (mar shiombail ar a bhféiniúlacht).
Sainmhíniú bailí **AMHÁIN** 2M

(xix) Beartas a d'fhéach le Hitler a shuaimhniú ach nithe a ghéilleadh dó/ Géilleadh do Hitler sa tsúil go stadfadh sé d'éilimh a dhéanamh/ Géilleadh do Hitler d'fhonn cogadh a sheachaint.
Sainmhíniú bailí **AMHÁIN**. 2M

(xx) James Connolly/ Jim Larkin / Thomas Johnson/ Thomas O'Connell/ William Norton/ Brendan Corish/ Frank Cluskey/ Michael O'Leary/ Dick Spring/ Ruairí Quinn/ Pat Rabbitte/ Éamon Gilmore/ Joan Burton
**BEIRT** cheannairí 1 + 1 = 2M

## 4. PEARSANA SA STAIR (40 marc)

Freagair **ceann AMHÁIN** as A agus **ceann AMHÁIN** as B.

Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ (Ráiteas Suntasach Ábhartha).
Gach RSÁ = 2 Mharc. [D'fhéadfaí 1 Mharc a bhronnadh as RSÁ neamhiomlán – ach **ag deireadh an fhreagra amháin**]

**Marcanna: Uasmhéid CM = 16** [Treoir Ábhair: 2M × 8 = 16] **Uasmhéid OM = 4**

Marcáil OM mar seo:

**AN-MHAITH = 4M; MAITH = 3M; MEASARTHA = 2M; LAG = 1M**

Bronn 4 OM má tá an freagra an-mhaith - ní gá go mbeadh sé thar barr ar fad.
Bronn 1 OM as an topaic a aithint i gceart.

Mura dtugtar léargas an duine a roghnaítear, ná bronn níos mó ná 1 OM. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go gcaithfidh an freagra a bheith scríofa sa chéad phearsa.

**Roinn A**

Déanann iarrthóirí A (i) nó A (ii) nó A (iii)

A (i) **Seandálaí i mbun obair thochailte.**

Is bailí atá gach gné d'obair an tseandálaí, e.g. an láithreán a roghnú, céim na pleanála, obair ar an láithreán, déantáin a dhátú, an tuarascáil deiridh, etc.
Modh amháin chun nithe a dhátú, agus é luaite agus mínithe = 1 RSÁ.
Mura dtugtar ach ainm dhá mhodh chun nithe a dhátú = 1 RSÁ.
Láithreán a roghnú = 2 RSÁ ar a mhéad; Modhanna chun dátú a dhéanamh = 2 RSÁ ar a mhéad; Uirlisí + míniúcháin = 2 RSÁ ar a mhéad; Liosta uirlisí a úsáidtear gan mhíniú = 1 RSÁ.

A (ii) **Searbhónta a d'oibrigh i gcaisleán meánaoiseach.**

Glac le hábhar maidir le saol agus obair searbhónta i gcaisleán.
Gné den chaisleán ainmnithe + cur síos/míniú ar an bhfeidhm = 1 RSÁ.
Liosta lom gnéithe de chaisleán gan aon chur síos/mhíniú ar an bhfeidhm: 2 ghné = 1 RSÁ.
Caisleán ina aonar = 10+1 ar a mhéad; Oiliúint ridire = 1 RSÁ ar a mhéad

A (iii) **Scríbhneoir NÓ eolaí, <u>a ainmnítear</u>, ón Athbheochan.**

Ní mór duine ar leith (e.g. Shakespeare, Galileo) a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharcanna as ainm an duine.
Mura luaitear ainm an duine, nó más mícheart atá sé, ach má bhaineann an t-ábhar go soiléir le scríbhneoir nó le heolaí ar leith, OM = 3 ar a mhéad.
Gach leabhar/ teoiric/ fionnachtain a ainmnítear agus a ndéantar cur síos air = 1 RSÁ.
B'fhéidir go dtuillfeadh faisnéis bhreise tuilleadh RSÁ.
Mura dtugtar ach liosta lom saothar (e.g. drámaí Shakespeare), 2 shaothar = 1 RSÁ.

## Roinn B

Déanann iarrthóirí B (i) nó B (ii) nó B (iii)

B (i) **Lonnaitheoir a fuair talamh le linn plandála a ainmnítear in Éirinn.**

Ná bronn marcanna as an bplandáil a ainmniú.
Mura n-ainmnítear an phlandáil agus mura bhfuil sí intuigthe go soiléir ón gcuntas [i.e. Plandálacha i gcoitinne], bronn 1 OM ar a mhéad.
2 choinníoll le talamh a fháil, gan aon fhorbairt = 1 RSÁ.
Iarmhairtí fadtéarmacha na plandála = 1 RSÁ ar a mhéad.
I gcás Chúige Uladh nó Chúige Mumhan, bronn 1 RSÁ as na contaetha a plandáladh.
Mura dtugtar sa fhreagra ach léargas an duine a chaill talamh, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad
Má ainmnítear lonnaitheoir ar leith, e.g. Walter Raleigh, is ábhartha atá an t-ábhar ar fad faoina shaol.

B (ii) **Ceannaire, a ainmnítear, i réabhlóid (i Meiriceá, sa Fhrainc nó in Éirinn).**

Ná bronn aon mharcanna as ainm an cheannaire réabhlóidigh amháin.
I gcás George Washington, caith leis an ábhar ar fad roimh an gCéad Chomhdháil Ilchríochach mar ábhar 'cúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.
I gcás Robespierre, caith leis an ábhar ar fad roimh bhriseadh amach na Réabhlóide i 1789 mar ábhar 'cúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.
I gcás Napoleon, caith leis an ábhar ar fad roimh fhorghabháil Toulon mar ábhar 'cúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.
I gcás Wolfe Tone, caith leis an ábhar ar fad roimh bhunú na nÉireannach Aontaithe i 1791 mar ábhar 'cúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.
I gcás Robert Emmet, caith leis an ábhar ar fad sula raibh baint aige leis na hÉireannaigh Aontaithe mar ábhar 'cúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.
I gcás an Tiarna Edward Fitzgerald, caith leis an ábhar ar fad roimh an mbliain 1791 mar ábhar 'cúlra', i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

B (iii) **Ceannaire, a ainmnítear, sa choimhlint ar son neamhspleáchas na hÉireann, 1900-1923**

Ní mór ceannaire ar leith a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharcanna as ainm an cheannaire.
Mura bhfuil sa fhreagra ach plé lom ar an imeacht nó ar an ngluaiseacht, CM = 10 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.
Caith leis an ábhar ar fad go dtí an bhliain 1900 mar 1 RSÁ ar a mhéad.
Caith leis an ábhar ar fad tar éis na bliana 1923 mar 1 RSÁ ar a mhéad.

**5. RÉ NA TAISCÉALAÍOCHTA (30 marc)**

**A. Na Foinsí D agus E**

A (i) Chuir sé scoil loingseoireachta ar bun/ Dhéanadh sé urraíocht ar aistir thaiscéalaíochta ar muir. 2M

A (ii) Vasco da Gama 2M

A (iii) Bhí sé ní ba shábháilte maidir le soláthairtí úra a thógáil ar bord/ an bealach fillte abhaile a leanúint dá mba ghá/ gan a bheith ag seoladh i dtreo na farraige oscailte agus ag dul ar strae 2M

A (iv) Chun smacht a fháil ar thrádáil na spíosraí/ Chun saibhreas a ghnóthú/ Chun a n-impireachtaí a mhéadú/ Chun an Chríostaíocht a scaipeadh/ Chun bealach farraige go dtí oileáin na spíosraí a aimsiú/ Chun cur lena ngradam, etc.
Fáth bailí **AMHÁIN** ar bith 2M

**B. Foinse F**

B (i) Ní raibh soláthairtí (úra) fágtha acu. 2M

B (ii) Chuir siad na craicne damh ar maos sa sáile (1M) agus chócaráil siad ar an ngríosach iad (1M) 2M

B (iii) Drandail ata (a d'fhág nach raibh siad ábalta ithe dá mbarr)/ Galar carrach. 2M

B (iv) Bhí an cruatan ar bhord na loinge chomh dona sin gur beag seans go bhféadfadh a leithéidí sin de dhálaí millteanacha teacht aníos choíche/ D'fhoghlaimeodh mairnéalaigh ceacht ón scéal uafáis sin agus, amach anseo, dhéanfaidís a gcuid aistear a phleanáil agus chuirfidís acmhainní ar fáil dóibh mar ba cheart.
[Athscríobh lom na habairte = 0M] 2M

B (v) Easpa vitimín C/ Easpa torthaí agus/ nó glasraí. 2M

**C.** Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ:

**[Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M]**
**OM**: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag;
0 marc = an-lag

**I gcás (a), gach "tionchar" a luaitear agus a fhorbraítear go soiléir = 1 RSÁ.**
**Glac le "tionchar" faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN:**

- Saothrú acmhainní (talamh, acmhainní mianracha, etc.)
- An sclábhaíocht
- Scriosadh cultúir (tithíocht, teanga, etc.)
- An Chríostaíocht a chur i bhfeidhm
- Bás (galar, cogaí)
- Tugadh acmhainní nua isteach (capaill, córas dlí, etc.)

**I gcás (b), gach "buntáiste" a luaitear agus a fhorbraítear go soiléir = 1 RSÁ. Glac le "buntáistí" faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**

- Impireacht
- Bia agus táirgí nua
- Saibhreas, amhábhair, trádáil
- An Chríostaíocht a scaipeadh (rud a chuir le gradam agus le smacht)
- Eisimirce (áit chun éalú ó ghéarleanúint reiligiúnach, deiseanna nua)
- Tháinig méadú ar eolas agus ar scileanna mhuintir na hEorpa (cruthúnas gur cruinn atá an domhan, uisciú, etc.)

**I gcás (c), gach "coimhlint" a luaitear agus a fhorbraítear go soiléir = 1 RSÁ. Glac le "coimhlintí" faoi na ceannteidil seo a leanas AMHÁIN;**

- Iomaíocht idir an Spáinn agus an Phortaingéil
- Míniú ar Chonradh Tordesillas
- Iomaíocht idir an Bhreatain agus an Fhrainc maidir le Ceanada nó SÁM
- Ionsaithe a rinne an Bhreatain ar ghaileoin Spáinneacha
- Tháinig iomaíocht trádála aníos, e.g. idir na hOllannaigh agus na Sasanaigh

Níl i gceist ach cuntas **AMHÁIN** 12M

**6A ÁR bPRÉAMHACHA SA tSIBHIALTACHT ANALLÓD (30 marc)**

(i) Bhaineadh daoine úsáid as uirlisí cloiche/ Bhaineadh siad úsáid as airm chloiche/ Níorbh eol dóibh conas miotal a úsáid.
[Dhéantaí gach rud as cloch/ "foirgnimh chloiche" = 0M] 2M

(ii) Bhí siad ar na chéad fheirmeoirí/ Curaíocht (fás barr)/ Ainmhithe ceansaithe/ Potaireacht (criadóireacht)/ Déanamh éadaigh/ Tithe ní ba bhuaine/ Ní raibh siad ina ndaoine fáin a thuilleadh/ Uirlisí cloiche ní b'fhearr/ Tuamaí meigiliteacha
**DHÁ** chineál dul chun cinn bhailí 2 + 2 = 4M

(iii) ***Tuath*****:** Treibh Cheilteach agus an talamh a bhí ina seilbh/ Ríocht le linn Ré na gCeilteach in Éirinn

***Aos Dána***: Daoine a raibh scileanna speisialta acu [Glac le 2 shampla, e.g. na Breithiúna, na Draoithe, na Baird, na Gaibhne Óir/Buí (órcheardaithe), etc.]

***Ogham***: Aibítir Cheilteach/ An fhoirm scríbhneoireachta ba luaithe / Scríoba comhthreomhara ar cheachtar taobh de líne nó trasna líne/ Téacs a greanadh i gcloch
**DHÁ** mhíniú bhailí ar bith 2 + 2 = 4M

(iv) Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ:
**[Uasmhéid CM = 8M Uasmhéid OM = 2M]**
**OM**: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag
***Ná bronn marcanna as ábhar atá lasmuigh de pharaiméadair Ré na gCeilteach in Éirinn ná as aon déantáin Chríostaí/ tuamaí neoiliteacha a luaitear = 0M***

**DHÁ** chuntas atá i gceist (8 + 2) × 2 = 20M

**6 B ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS (30 marc)**

(i) ***Sean-nuachtáin:*** Bíonn cuntais ar an láthair iontu agus dearcadh/mothúcháin daoine ar imeachtaí/ Bíonn sean-ghrianghraif iontu is féidir a chur i gcomparáid lena mbíonn le feiceáil sa lá atá inniu ann chun athruithe (sa tírdhreach, i gcúrsaí faisin, etc.) a thaispeáint
***Tuairiscí daonáirimh:*** Cuireann siad faisnéis ar fáil faoi athruithe daonra le himeacht ama/ Mioneolas iontu maidir le saincheisteanna sóisialta amhail tithíocht, an litearthacht, oideachas, fostaíocht agus póstaí.
***Agallaimh le seandaoine:*** D'fhéadfadh sé go mbeidís ábalta cuntais finné súl ar imeachtaí a chur ar fáil/ Is féidir le staraithe ceisteanna a chur orthu chun tuilleadh faisnéise a fháil/ Mhair siad trí na hathruithe atá á bhfiosrú ag an staraí.
A úsáidí atá **DHÁ** fhoinse ar bith don staraí sóisialta 2 × 2 = 4M

(ii) Tá sé níos tarraingtí cónaí i mBaile Átha Cliath de bharr áiseanna sóisialta níos fearr a bheith ann/ Tá deiseanna fostaíochta níos fearr ar fáil i gceantar Bhaile Átha Cliath/ Chuir an feabhas ar an oideachas ar chumas daoine óga

ó cheantair thuaithe na hÉireann bogadh go Baile Átha Cliath ionas go mbeadh cáilíocht beatha ní b'fhearr acu/ Tá borradh tagtha ar dhaonra Bhaile Átha Cliath mar thoradh ar líon mór inimirceach, etc.
**TRÍ** chúis bhailí ar bith 2 × 3 = 6M

(iii) Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ:
**[Uasmhéid CM = 8M Uasmhéid OM = 2M]**
**OM**: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag
Tabhair faoi deara: 'Ó 1945 i leith'.
**NB: Níor cheart marcanna a bhronnadh ach as athruithe bailí a luaitear go soiléir.**
**DHÁ** chuntas atá i gceist (8 + 2) × 2 = 20M

NB: Cumarsáid = Tarchur fuaimeanna, íomhánna, teachtaireachtaí agus smaointe; Iompar = Gluaiseacht daoine agus earraí.

## 6 C FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN SAN FHICHIÚ hAOIS (30 marc)

(i) 1. gConradh
2. Rialtaigh
3. Ceithre Chúirt (tá an dá théarma ag teastáil)
4. Poblacht na Mumhan (tá an dá théarma ag teastáil)
5. Cosgrave
6. Sos comhraic 1 × 6 = 6M

(ii) ***Lucht na Léinte Gorma:*** Eagraíocht Fhaisisteach a bhí ann go luath sna 1930í/ Mílíste a chuir cosaint ar fáil do bhaill de Chumann na nGaedheal/ Leasainm ar Chumann Chomrádaithe an Airm (nó an Garda Náisiúnta/ Éire Óg/ Conradh na hÓige)/ Leasainm (díspeagúil) ar Fhine Gael
"Eoin O'Duffy a bhí i gceannas orthu" = = 1M; "Chuir siad in aghaidh Fhianna Fáil" = 1M; "Chaith siad éide gorm" = 0M.

***Claonroinnt:*** Teorainneacha toghcheantair a rigeáil (chun tairbhe do pháirtí amháin).

***An Scéim Mháthar agus Linbh:*** Plean cúram sláinte a bhí á bheartú chun cúram leighis saor in aisce a thabhairt do mháithreacha agus do leanaí (agus ar chuir an Eaglais Chaitliceach/Ceardchumann Dhochtúirí na hÉireann (IMO) ina éadan)
**DHÁ** théarma mínithe 2 + 2 = 4M

(iii) Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ:
**[Uasmhéid CM = 8M Uasmhéid OM = 2M]**
**OM**: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag
**DHÁ** chuntas i gceist (8 + 2) × 2 = 20M

(a) Caith le himeachtaí roimh an mbliain 1912 mar ábhar "cúlra", i.e. 1 RSÁ ar a mhéad, agus le himeachtaí tar éis na bliana 1914 mar 1 RSÁ ar a mhéad.

(b) Ní mór an díriú a bheith ar “an méid a baineadh amach”. Liosta den mhéid a baineadh amach = 1 RSÁ
(c) Caith le himeachtaí roimh an mbliain 1939 mar ábhar “cúlra”, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad, agus le himeachtaí tar éis na bliana 1945 mar 1 RSÁ ar a mhéad. **Glac le hábhar a bhaineann le Tuaisceart Éireann mar ábhar bailí anseo**.
(d) Caith le himeachtaí roimh an mbliain 1959 mar ábhar “cúlra”, i.e. 1 RSÁ ar a mhéad, agus le himeachtaí tar éis na bliana 1966 mar 1 RSÁ ar a mhéad.

**6 D AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS (30 marc)**

(i) Rialtais laga/ An náisiúnachas antoisceach/ Eagla roimh an gcumannachas/ Míshásamh le Socrú Versailles/ Fadhbanna geilleagracha (an Spealadh Mór)/ Tacaíocht a fuarthas ó ghnóthais mhóra/ Bolscaireacht rathúil, etc.
**DHÁ** chúis bhailí ar bith 1 + 1 = 2M

(ii) Cinsireacht na meán/ Soláthar raidiónna saora/ Mórshlógaí poiblí, e.g. Nurnburg/ Bhunaigh siad Aireacht Bholscaireachta/ D’fhorbair siad cultas pearsan/ Bhain siad úsáid as sluáin shimplí agus as íomhánna simplí a dúradh agus a taispeánadh arís is arís eile d’fhonn tacaíocht an phobail don pháirtí a mhealladh/ Chaith siad suimeanna móra ar nuachtáin, ar bhileoga faisnéise agus ar fheachtais phóstaeir/ Bhí sé riachtanach faomhadh na hAireachta Bolscaireachta a fháil le haghaidh gach leabhair a d’fhoilseofaí/ Cuireadh in iúl i nuachtscannáin agus i scannáin na nithe ar mhian leo go mbeadh eolas ag daoine orthu agus go gcreidfeadh daoine iad, etc.
**DHÁ** chaoi bhailí ar bith = 2+2; **Caoi amháin agus mionléiriú** = 2+2
2+2 + 4M

(iii) Ní raibh Stáit Aontaithe Mheiriceá mar bhall de/ Ní raibh aon arm aige lena chuid cinntí a chur i bhfeidhm/ Níor tugadh cead don Ghearmáin dul isteach ann go dtí an bhliain 1926/ Ní dheachaigh an tAontas Sóivéadach isteach ann go dtí an bhliain 1934/ Ba ghá cinntí a dhéanamh d’aon ghuth i gcónaí/ Rinne na tíortha ba mhó cumhacht neamhiontas de nuair a d’oir sé dóibh déanamh amhlaidh/ Bhí sé ag brath ar smachtbhannaí eacnamaíocha agus ar bhaghcait/ Ní raibh aon tionchar ag stáit bheaga ar phróiseas na cinnteoireachta ann, etc.
**DHÁ** chúis bhailí ar bith. 2+2 = 4M

(iv) ***An Cogadh Bréige:*** (Tar éis do na Naitsithe ionradh a dhéanamh ar an bPolainn), níor cuireadh aon oibríochtaí míleata de chuid na gComhghuaillithe/ na Gearmáine ar siúl (ar feadh ocht mí).

***An Blitz:*** Cathracha Briotanacha á mbuamáil (ón aer) (ag Gearmáin na Naitsithe).
[“Ionsaí ón aer”]

***D-Day (Meitheamh 1944):*** An lá a ndeachthas i dtír sa Normainn/ cuireadh tús le hiarracht na gComhghuaillithe Iartharacha mór-roinn na hEorpa a shaoradh ó fhorghabháil na Naitsithe le linn an Dara Cogadh Domhanda.
**DHÁ** théarma ar bith. 2+2 = 4M

(v) **Ceann amháin de na trí thopaic thíos a roghnú**

***Topaic 1: Teacht i dTreis na nOllchumhachtaí***

(i) Ba ag APSS a bhí an t-arm ba mhó ar domhan, daonra ollmhór, amhábhair agus acmhainní tionsclaíocha/ Ghnóthaigh APSS an-chuid críche timpeall a theorainneacha/ Ag deireadh an chogaidh, bhí SAM ar an gcumhacht eacnamaíochta ba mhó ar domhan. Ní dhearnadh damáiste do mhórthír Mheiriceá/ Bhí buama adamhach ag SAM/ Laghdú ar thionchar na gcumhachtaí Eorpacha tar éis an chogaidh, etc.
**DHÁ** fháth bhailí ar bith = 2+2; **Fáth amháin agus mionléiriú** = 2+2
2+2 + 4M

(ii) (a) Cogadh na Cóiré: Caith le hábhar go dtí gur roinneadh an Chóiré sa bhliain 1945, agus an uair sin san áireamh, mar ábhar "cúlra", i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

(b) Géarchéim Diúracán Chúba: Caith le hábhar go hIonradh Bhá na Muc sa bhliain 1961, agus é san áireamh, mar ábhar "cúlra", i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

Iarmhairtí na Géarchéime = 1 RSÁ ar a mhéad.

Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ:
[Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M]
OM: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag
Cuntas **AMHÁIN** i gceist (10 + 2) = 12M

***Topaic 2: Aontú na hEorpa***

(i) Dá mbeadh cómhargadh ann, neartófaí fás geilleagrach thíortha na hEorpa/ Bhí fonn orthu cogadh eile san Eoraip a chosc/ Níorbh fhéidir le tíortha aonair na hEorpa dul in iomaíocht leis an dá ollchumhacht, etc.
**DHÁ** fháth bhailí ar bith = 2+2; **Fáth amháin agus mionléiriú** = 2+2
2+2 + 4M

(ii) Tabhair faoi deara paraiméadair na ndátaí - Caith leis an ábhar ar fad roimh an mbliain 1973 mar ábhar "cúlra", i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.
Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ:
[Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M]
OM: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag
(10 + 2) = 12M

***Topaic 3: Náisiúnachas san Afraic agus san Áise***

(i) Ghéill tíortha na hEorpa d'fheachtais bhríomhara ar son neamhspleáchais sna hiarchoilíneachtaí/ Bhí sé ní b'fhusa neamhspleáchas a ghéilleadh dóibh ná féachaint le smacht a choinneáil orthu/ Bhí tíortha na hEorpa ní ba laige de bharr an chogaidh, etc.
**DHÁ** chúis bhailí ar bith 2+2 + 4M

(ii) Tabhair faoi deara paraiméadair na ndátaí - Caith leis an ábhar ar fad roimh an mbliain 1945 mar ábhar "cúlra", i.e. 1 RSÁ ar a mhéad.

Bronn marcanna de réir phrionsabal na RSÁ:
[Uasmhéid CM = 10M      Uasmhéid OM = 2M]
OM:   2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag

(10 + 2) = 12M